Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9232/26**
**ADD 1**

**ENT 106**
**CHIMIE 54**
**MI 473**
**IND 333**
**COMPET 571**
**ENV 507**
**SAN 300**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2026) 110163 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALCHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe i dtácla iascaireachta áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2026) XXX draft - D (2026) 110163/4 ANNEX.

Faoi iamh: […](2026) XXX draft - D (2026) 110163/4 ANNEX

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D110163/04
[…](2026) XXX draft

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALCHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le luaidhe i dtácla iascaireachta áirithe**

**IARSCRÍBHINN**

'IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar a leanas:

(1) In iontráil 63, colún 2, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

| | |
|---|---|
| | '21. Ní chuirfear ar an margadh iad le haghaidh aon chineál iascaireachta, ná ní úsáidfear iad le haghaidh iascaireacht tráchtála, i dtiúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal) atá cothrom le 1 % de réir meáchain nó atá níos mó ná sin, sna nithe seo a leanas:<br>(a) tromáin agus baoití bréige a bhfuil meáchan 50g nó níos lú iontu, agus nach gcumhdaítear le pointe (c) den mhír seo, ó [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta **3 bliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*];<br>(b) tromáin agus baoití bréige a bhfuil meáchan 1kg nó níos lú iontu, ach níos mó ná 50g, agus nach gcumhdaítear le pointe (c) den mhír seo, ó [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta **5 bliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*];<br>(c) i sreanga iascaireachta agus i dtromáin intiteáin, ó [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta **6 mhí** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].<br><br>22. Ó [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **6 mhí** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] amach, déanfaidh miondíoltóirí tromán iascaireachta agus baoití bréige iascaireachta d'aon toise nó meáchan, ina bhfuil luaidhe i dtiúchain atá cothrom le 1 % nó níos mó ná sin de réir meáchain, an fhaisnéis seo a leanas a chur ar taispeáint go soiléir agus go feiceálach ag an díolphointe agus i ndlúthghaireacht do na táirgí a luaitear thuas nó, i gcás ciandíolachán, sa tairiscint ciandíolacháin:<br><br>***FOLÁIREAMH**: tá luaidhe sa táirge seo atá an-tocsaineach don chomhshaol agus a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn. San Aontas, tá srian ar luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid sna cineálacha tácla iascaireachta a liostaítear thíos ó na dátaí seo a leanas amach:*<br><br>*- [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **3 bliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás tromáin iascaireachta agus baoití bréige iascaireachta a bhfuil meáchan 50g nó níos lú iontu*<br><br>*- [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta **5 bliana** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás tromáin iascaireachta agus baoití bréige iascaireachta a bhfuil meáchan 1kg nó níos lú iontu, ach níos mó ná 50g.*<br><br>*- [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás sreanga iascaireachta agus tromáin intiteáin d'aon mheáchan.* |

| | |
|---|---|
| | *Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear eolas maidir le hinfhaighteacht roghanna malartacha atá saor ó luaidhe, ar fáil ag [www.echa.europa.eu]'*<br><br>Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an díolphointe bunaithe nó, i gcás ciandíolachán, i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina dtairgtear an ciandíolachán, mura bhforálann an Ballstát lena mbaineann a mhalairt maidir leis na teangacha sin.<br><br>23. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag míreanna 21 ná 22 maidir leis na nithe seo a leanas:<br><br>(a) baoití bréige atá déanta as cóimhiotail chopair ina bhfuil tiúchan luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal) níos lú ná 3 % de réir meáchain;<br>(b) urchair scoilte a bhfuil meáchan 0,06g nó níos lú iontu agus a chuirtear ar an margadh i bpacáistíocht atá doirtdíonach agus do-oscailte ag leanaí.<br><br>Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na maoluithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), bunaithe ar thuarascáil a chuirfidh an Ghníomhaireacht ar fáil, tar éis [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].<br><br>24. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 21, pointí (a) agus (b), maidir le húsáid tromán iascaireachta agus baoití bréige iascaireachta a chuirtear ar an margadh san Aontas roimh [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], faoi seach.<br><br>25. Féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil nó shláinte an duine a choinneáil ar bun, ar forálacha iad atá níos déine ná na forálacha dá bhforáiltear i míreanna 21-24, ar choinníoll go gcomhlíonann na bearta sin an dá choinníoll seo a leanas:<br><br>(a) tá siad i bhfeidhm an [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*];<br>(b) cuireann siad srian ar úsáid baoití bréige, tromán agus sreang iascaireachta a bhfuil luaidhe iontu, ach ní chuireann siad srian ar na nithe sin a chur ar an margadh.<br><br>26. Cuirfidh na Ballstáit téacs na bhforálacha náisiúnta dá dtagraítear i míreanna 25 in iúl don Choimisiún gan mhoill. Déanfaidh an Coimisiún aon téacs maidir le forálacha náisiúnta den sórt sin a gheobhaidh sé a chur ar fáil go poiblí gan mhoill.<br><br>27. Chun críocha mhíreanna 21 go 26:<br><br>(a) ciallaíonn 'tromán' meáchan atá ceangailte, nó a bhfuil sé beartaithe é a cheangal, de líne iascaireachta, de bhaoite bréige iascaireachta nó de líon iascaireachta chun é a choinneáil faoin uisce, nó in áit áirithe, ach nach meáchan é atá iniata, leabaithe nó snáithithe i líon nó líne iascaireachta;<br>(b) ciallaíonn 'baoite bréige' rud a úsáidtear chun iasc nó ainmhithe eile a mhealladh, ionas gur féidir iad a ghabháil; |

| | |
|---|---|
| | (c) ciallaíonn ‘sreang iascaireachta’ snáithe tanaí miotail atá beartaithe lena ghearradh ina phíosaí gearra agus lena úsáid mar mheáchan chun baoití bréige a choinneáil faoin uisce;<br>(d) ciallaíonn ‘tromán intiteáin’ tromán a bheartaítear a scaoileadh d’aon ghnó le linn a úsáide;<br>(e) ciallaíonn ‘urchar scoilte’ tromán atá déanta as píosa beag miotail atá fáiscthe timpeall na líne iascaireachta chun meáchan a chur léi;<br>(f) ciallaíonn ‘iascaireacht tráchtála’ iascaireacht le haghaidh brabúis seachas chun críoch áineasa;<br>(g) ciallaíonn ‘tácla iascaireachta’ trealamh, lena n-áirítear tromáin, baoití bréige agus sreanga iascaireachta, a úsáidtear san iascaireacht tráchtála nó áineasa.’ |

’